130 - 195	25 - 80	R 10 R 11 R 12 R 13 R 14
135 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
145 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
155 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
165 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
175 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
185 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		R 15
195 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
205 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
215 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
225 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		
235 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		
245 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70		
155 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
165 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
175 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
185 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
195 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		R 16
205 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		
215 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		
225 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		
235 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		
245 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		
185 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
195 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75 80		
205 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		
215 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		
225 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		R 17
235 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		
245 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		
255 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70 75		
265 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70		
275 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65		
285 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65		
205 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70		
215 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70		
225 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70		
235 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70		
245 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70		
255 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70		
265 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65 70		
275 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65		
285 / 25 30 35 40 45 50 55 60		R 18
295 / 25 30 35 40 45 50 55		
305 / 25 30 35 40 45		
315 / 25 30 35		

215 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65		
225 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65		
235 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65		
245 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65		
255 / 25 30 35 40 45 50 55 60 65		
265 / 25 30 35 40 45 50 55 60		R 19
275 / 25 30 35 40 45 50 55		
285 / 25 30 35 40 45 50		
295 / 25 30 35 40 45		
305 / 25 30 35 40		
315 / 25 30 35		
225 / 25 30 35 40 45 50 55 60		
235 / 25 30 35 40 45 50 55 60		
245 / 25 30 35 40 45 50 55 60		
255 / 25 30 35 40 45 50 55 60		
265 / 25 30 35 40 45 50 55 60		R 20
275 / 25 30 35 40 45 50 55		
285 / 25 30 35 40 45 50		
295 / 25 30 35 40 45		
305 / 25 30 35 40		
245 / 25 30 35 40 45 50 55		
255 / 25 30 35 40 45 50 55		
265 / 25 30 35 40 45 50 55		
275 / 25 30 35 40 45 50		
285 / 25 30 35 40 45		R 21
295 / 25 30 35 40		
305 / 25 30 35		
315 / 25 30		
325 / 25 30		

205	55	R 16



1.611-057.1 É Continental AG (2016)

GA

ContiTireSealant
Treoracha Oibriúcháin

RABHADH SÁBHÁILTEACHTA

Léigh na treoracha agus na rabhaidh seo go cúramach roimh duit an ContiTireSealant a úsáid!

Tá sé ríthábhachtach cloí leis na treoracha seo chun sábháilteacht na feithicle a chinntiú. Mura ndéantar de réir na dtreoracha seo téitear i mbaol damáiste a dhéanamh do bhoinn, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar láimhsiú na feithicle agus d'fhéadfaí smacht ar an bhfeithicil a chailliúint dá thoradh. D'fhéadfadh gortú nó bás a bheith mar thoradh air sin. Cuir gach úsáideoir eile na feithicle ar an eolas nuair a bhíonn an ContiTireSealant curtha in ionad an réitgh chaighdeánaigh do chliseadh boinn (m. sh. roth spártha).

Úsáid lámhleabhar do ghluaisteáin, le do thoil. Mura bhfuil sé ar fáil tá míniú ar fáil ar úsáid ContiTireSealant i gcomhar le comhbhrúiteoir caighdeánach do shéalú poill i mbonn sa lámhleabhar seo a leanas.

Réamheolas

Séalaíonn an ContiTireSealant formhór na bpoll i mbonn chun soghluaisteacht a aischur go sealadach. Moltar é a úsáid do bhoinn ghluaisteán paisineára amháin a thaispeántar sa tábla agus do bhrú teannaidh suas chuig 300 kPa (3 bar, 43 psi). Séalaíonn ContiTireSealant poill i mboinn ghluaisteáin ar tairní nó ábhar co-imhthíoch dá shórt is le trastomhas suas chuig ¼ “ (6 mm) cúis leo.

Ag brath ar an gcineál damáiste agus ar a mhéid ní féidir boinn áirithe a shéalú ach go neamhiomlán nó ní féidir iad a shéalú in aon chor ar bith. Féadann cailliúint brú boinn cur isteach ar láimhsiú na feithicle, agus d'fhéadfaí smacht ar an bhfeithicil a chailliúint dá thoradh.

Tabhair aird ar na rialacha seo a leanas agus an ContiTireSealant á úsáid agat:

- **Tiomáin go cúramach agus seachain gluaiseachtaí tobanna stiúrtha nó tiomána, go háirithe má tá ualach trom sa bhfeithicil nó má tá leantóir á tharraingt agat.**
- Cuirfidh an córas deisiú éigeandála sealadach ar fáil duit. Cuirfidh sé ar do chumas leanúint ar do thuras chuig an díoltóir feithicle nó díoltóir boinn is gaire duit nó **achar slí 200 km (120 míle) ar a mhéid a thiomáint.**
- Ná sáraigh **luas uasta 80 km/h (50 mph).**
- Stóráil an ContiTireSealant go slán sábháilte agus daingnigh i mbúit an ghluaisteáin é. Ní mholtar é a stóráil in áit ar bith i gcábán na bpaisinéirí mar d'fhéadfadh sé paisinéir a bhualadh má stoptar go tobann nó i gcás imbhuailte, agus d'fhéadfadh sé duine a ghortú.
- Coimeád an ContiTireSealant as aimsiú leanaí.

Sna treoracha seo tugtar míniú céim ar chéim ar úsáid ContiTire-Sealant i gcomhar le comhbhrúiteoir caighdeánach chun poll i mbonn a shéalú mar dheisiúchán sealadach poill i mbonn. Léigh an chuid faoi “Conas leanúint ar aghaidh i gcás boinn phollta”

RABHADH Ná húsáid an ContiTireSealant má bhí damáiste don bhonn cheana féin mar thoradh ar é a thiomáint agus é gan a bheith teannta a dhóthain. Ná déan iarracht ar damáiste a shéalú ach amháin an damáiste atá laistigh de thrácht infheicthe an bhoinn. Ná déan iarracht ar damáiste a shéalú atá ar thaobh-bhalla an bhoinn.

Treoracha ar úsáid shábháilte an ContiTireSealant

- Úsáid an táirge ar bhoinn feithicle bhunaidh amháin.
- Ná húsáid an ContiTireSealant ach ar bhoinn gan feadán.
- Má úsáidtear chun críocha eile seachas dá bhfuil sé beartaithe é d'fhéadfadh an ContiTireSealant a bheith ina chúis le timpiste thromchúiseach nó le gortú tromchúiseach toisc gur féidir le haer comhbhrúite feidhmiú mar pléascán nó mar thiomantán.
- Pairceáil d'fheithicil ar thaobh an bhóthair chun nach gcuirfidh tú isteach ar shruth an tráchta agus go mbeidh ar do chumas an ContiTireSealant a úsáid gan tú féin a chur i mbaol.
- Tarraing an coscán láimhe, fiú amháin má tá do ghluaisteán ar bhóthar réidh, chun a chinntiú nach mbogfaidh an fheithicil.
- Ná déan iarracht ar earraí coimhthíocha ar nós tairní nó scriúnna a chuaigh tríd an mbonn a bhaint. Fág ina mbaill iad.
- Coinnigh an t-inneall ar siúl le linn don gcomhbhrúiteoir a bheith á úsáid ach ná déan sin má tá an fheithicil i limistéar gan aeráil mhaith.
- Ná fág an comhbhrúiteoir gan duine ina bhun le linn úsáide.
- Ná coinnigh an comhbhrúiteoir ar siúl ar feadh breis is 10 nóiméad mar tá baol róthéimh ann.
- Cuir buidéal séaltáin nua leis roimh dháta éaga an tseanbhuidéil. Más rud é go bhfuil an séaltán as dáta ní féidir ráthaíocht iomlán a thabhairt go n-oibreoidh sé. Ná déan nasc díreach idir buidéal an ContiTireSealant agus an comhbhrúiteoir. Níor chóir an ContiTireSealant a fháisceadh isteach i mbonn damáistithe ach amháin de láimh.
- Tá sonraí teicniúla don mbuidéal ContiTireSealant ar fáil sa lámhleabhar.

Conas leanúint ar aghaidh i gcás boinn phollta

Is féidir an polladh boinn a dheisiú go sealadach i ndá chéim.

Ar dtús, fáisc an ContiTireSealant agus pumpáil aeir isteach sa mbonn (féach Céim 1). Go díreach ina dhiaidh sin tiomáin achar slí beag (idir 3-10 km/ 2-6 mhíle) chun an séaltán a scaipeadh sa bhonn. Ina dhiaidh sin, scrúdaigh brú an bhoinn agus pumpáil níos mó aeir isteach sa bhonn más gá (féach Céim 2). Ansin féadfaidh tú leanúint ort ag tiomáint go cúramach 200 km (120 míle) slí ag luas uasta 80 km/h (50 mph).

Cuir gach úsáideoir eile na feithicle ar an eolas go bhfuil an bonn séalaithe go sealadach le ContiTireSealant agus cuir ar an eolas iad faoi na coinníollacha tiomána ar leith.

Céim 1: ContiTireSealant a fháisceadh agus aer a phumpáil isteach sa mbonn

1 Tóg an aistreog a léiríonn an luas uasta ceadaithe (80 km/h | 50 mph) as an mála plaisteach agus greamaigh ar imeall an ghaothscátha é mar a thaispeántar ar an léaráid.

2 Crith an buidéal ar feadh 30 soicind.

3 Scriúáil an soc ar deiseal ar an mbuidéal. Osclóidh séala an bhuidéil go huathoibríoch.

RABHADH Fág séala an bhuidéil slán. Má scriúálann tú an soc ar an mbuidéal pollfaidh an soc séala an bhuidéil go huathoibríoch. Ná lig don séaltán teagmháil leis an gcraiceann. Tá laitéis rubair nádúrtha ann. Úsáid na lámhainní cosanta atá faoi iamh.

4 Bain caipín na comhla den mbonn briste. Bain croí na comhla as an mbonn damáistithe (scriúáil tuathalach). Chuige seo úsáid an bainteoir do croí comhla atá faoi iamh. Aire! Bain croí na comhla go cúramach agus cinntigh go ligfidh tú an t-aer ar fad amach as an mbonn. Sula leanann tú ar aghaidh cuir croí na comhla in áit ghlan shábháilte chun gur féidir é a athúsáid níos déanaí.

5 Bain an caipín cosanta den soc agus sáigh an soc ar chomhla an bhoinn.

6 Coinnigh tóin an bhuidéil in airde agus fáisc an t-ábhar ar fad isteach sa bhonn.

7 Bain an soc den mbonn agus cuir an caipín cosanta ar an soc.

8 Scriúáil croí na comhla isteach i gcomhla an bhoinn. Chuige seo úsáid an bainteoir comhla atá faoi iamh. Más rud é go bhfuil an croí comhla bunaidh briste nó truaillithe tá croí comhla nua faoi iamh.

9 Scriúáil píobán an chomhbhrúiteora go docht anuas ar chomhla an bhoinn bhriste. Cinntigh go bhfuil lasc an chomhbhrúiteora socraithe ar “0”. Cuir isteach an pluga cumhachta i soicéad an lastóir toitín (nasc 12 volta, féach lámhleabhar d'úinéir na feithicle).

10 Cuir an t-inneall ar siúl (más amuigh faoin spéir nó in áit ina bhfuil aeráil mhaith ann amháin atá sé).

RABHADH D'fhéadfadh aisfisce a tharlú má fhágtar an t-inneall ar siúl in áit nach bhfuil aeráil mhaith nó aeráil easnamhach (m. sh. laistigh d'fhoirgneamh)!

11 Brúigh lasc an chomhbhrúiteora chuig “I”.

Líon an bonn laistigh de 10 nóiméad chuig brú teannta 180 kPa (1.8 bar, 26 psi) ar a laghad agus chuig teannadh uasta 300 kPa (3 bar, 43 psi).

RABHADH Scrúdaigh taobh-bhalla an bhoinn roimh duit é a theannadh. Má tá aon scaoilteacha, cnapóga nó damáiste dá shórt, ná déan iarracht ar an mbonn a theannadh. Ná seas díreach taobh leis an mbonn le linn don gcomhbhrúiteoir a bheith ag pumpáil. Seachain taobh-bhalla an bhoinn. Má nochtann aon scoilteacha, cnapóga nó damáiste mar sin, múch an comhbhrúiteoir. **Sa chás seo ná húsáid an bonn a thuilleadh!**

12 Múch an comhbhrúiteoir ar feadh tamaillín bhig chun an brú boinn iarbhír a léamh ón tomhsaire brú.

RABHADH Mura sroicheann an brú teannta 180 kPa (1.8 bar, 26 psi) laistigh de 10 nóiméad d'fhéadfadh go bhfuil damáiste mór déanta don mbonn, rud as a leanann nach féidir é a dheisiú go sealadach. **Sa chás seo ná húsáid an bonn a thuilleadh!**

Agus brú teannta 180 kPa (1.8 bar, 26 psi) ar a laghad a bheith sroichte sa bhonn:

- Socraigh an comhbhrúiteoir chuig “0”.
- Bain an pluga cumhachta as soicéad an lastóir toitíní.
- Scaoil an píobán ó chomhla an bhoinn go mear.

13 Stóráil buidéal an ContiTireSealant agus an comhbhrúiteoir go slán sábháilte sa bhfeithicil ach bíodh rochtain éasca air. Beidh gá leis an gcomhbhrúiteoir arís nuair a scrúdóidh tú brú an bhoinn níos déanaí.

14 **15** Cuir an gluaisteán ar siúl láithreach agus tiomáin fad slí 3-10 km (2-6 mhíle) chun go bhféadfaidh an séaltán an ball briste a shéalú. Ná tiomáin ar feadh breis is 10 nóiméad agus ná tiomáin níos tapúla ná 80 km/h (50 mph) (tabhair aird ar an luas uasta ceadaithe atá curtha in iúl ar an aistreog).

RABHADH Má bhíonn an gluaisteán ag crith go dona nó má tá an stiúir corrach nó má tá torann le cloisteáil, moilligh agus tiomáin go cúramach chuig áit atá sábháilte chun stad. Scrúdaigh an bonn agus brú an bhoinn arís. Má tá brú an bhoinn faoi bhun 130 kPa (1.3 bar, 19 psi) nó má tá aon scoilteacha, cnapóga nó damáiste dá shórt le feiceáil, **ná húsáid an bonn a thuilleadh!**

Céim 2: Brú an bhoinn a scrúdú

16 Stad nuair a bhíonn tuairim is 3-10 km (2-6 mhíle) curtha díot agat. Scrúdaigh agus coigeartaigh brú an bhoinn bhriste más gá. Tóg an comhbhrúiteoir agus scriúáil an píobán go docht anuas ar chomhla an bhoinn bhriste.

17 Léigh brú an bhoinn ar an tomhsaire brú.

Más 130 kPa (1.3 bar, 19 psi) nó níos mó é brú an bhoinn ina bhfuil an séaltán ní mór é a choigeartú anois chuig an mbrú atá sonraithe do d'fheithicil (féach plaiceard na feithicle).

RABHADH Má thaispeánann scrúdú an bhoinn go bhfuil brú an bhoinn atá líonta leis an séaltán faoi bhun 130 kPa (1.3 bar, 19 psi) nó má tá aon scoilteacha, cnapóga nó damáiste dá shórt ar an taobh-bhalla, **ná húsáid an bonn a thuilleadh!**

18 **19** Cinntigh go bhfuil lasc an chomhbhrúiteora socraithe ar “0”.

- Cuir an pluga cumhachta i soicéad an lastóir toitín.
- Cuir an t-inneall ar siúl (ach amháin más amuigh faoin aer nó in áit ina bhfuil aeráil mhaith atá sé).

	600 ml
	Ø 86 mm x 150 mm
	640 g

RABHADH D'fhéadfadh aisfisce a tharlú má fhágtar an t-inneall ar siúl in áit nach bhfuil aeráil mhaith nó aeráil easnamhach ann (m. sh. laistigh d'fhoirgneamh)!

- Socraigh an comhbhrúiteoir chuig “I” agus líon an bonn go dtí an brú boinn sonraithe laistigh de 10 nóiméad ar a mhéid.
- Múch an comhbhrúiteoir agus scrúdaigh brú an bhoinn arís. Má tá brú an bhoinn ró-ard, lig amach aer go dtí go sroichfidh tú an brú sonraithe.
- Úsáid na lámhainní cosanta atá faoi iamh.

  A luaithe agus atá an bonn teanntaithe agat ag an mbrú boinn ceart múch an comhbhrúiteoir, bain an pluga as an soicéad, scaoil an píobán agus daingnigh an chomhla bhoinn.
- Coinnigh an comhbhrúiteoir in áit shlán shábháilte sa bhfeithicil.

RABHADH Tar éis duit an séaltán a úsáid is féidir leat tiomáint, ach **gan 80 km/h (50 mph) a shárú,** agus ní mór bonn nua a chur in ionad an bhoinn bhriste a luaithe agus is féidir **(laistigh d'fhad slí 200 km (120 míle)). Ní mór duit gan leanúint ort ag tiomáint** má tá an gluaisteán ag crith go dona nó má tá an stiúir corrach nó má tá torainn le cloisteáil le linn tiomána

20 **21** Tiomáin chuig an garáiste is gaire duit chun an bonn briste a bhaint den ngluaisteán. Sula mbaintear an bonn den bhfleasc cuir in iúl don déileálaí boinn go bhfuil séaltán sa bhonn. Faigh ContiTireSealant nua tar éis úsáide.

AIRE Cuimhnigh nach gcuireann deisiú boinn éigeandála taobh an bhóthair ach gluaisteacht shealadach ar fáil. D'fhéadfadh go bhfuil rialacháin difriúla i bhfeidhm ó thír go chéile maidir le deisiú boinn tar éis ContiTireSealant a úsáid. Ba chóir duit comhairle a lorg ó shaineolaí.

RABHADH Roimh duit tiomáint, cinntigh go bhfuil an bonn coigeartaithe don mbrú boinn molta de réir mar atá curtha in iúl ar phlaiceard na feithicle. Coinnigh súil ar bhrú an bhoinn go dtí go bhfuil bonn nua curtha in ionad an bhoinn shéalaithe. Déan de réir mar atá mínithe ó mhír 16 thuas ar aghaidh.

Is féidir ContiTireSealant nua a cheannach ó shiopa nó ó dhéileálaí deisiúcháin údaraithe. Is féidir buidéil séaltáin fholmha agus méideanna beaga den séaltán boinn a chur de láimh i mbruscar tí.

Tá tuilleadh eolais (m. sh. Ríomh-lámhleabhar, Físeán Treorach) ar fáil ar Shuíomh Baile Continental - www.continental-mobility.com